Cuid a 7 Leagan Amach an tSuímh

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar leagan amach an tsuímh i gcuideachta na prionsabail a bhí in úsáid nuair a roghnaíodh an suíomh mar atá molta roimhe seo. Is í ár aidhm anois ná leathnú a dhéanamh ar na prionsabail sin agus amharc ar ghnéithe eile nach dtabhrann daoine aird orthu i gcónaí nuair atáthar ag leagan amach suímh.

Má táthar ciallmhar faoi seo agus inspreagadh a fháil ó shuímh agus ó dhearadh traidisiúnta, is féidir nasc a dhéanamh leis an tírdhreach ar dhóigh atá báúil agus inmharthanach.

Má déantar suirbhé gasta ar an suíomh agus ar na crainn, cuideoidh sé sin leat aithne a chur ar na gnéithe sin a thig leat a úsáid agus buntáiste a bhaint astu, agus beidh sé ar do chumas plean a dhéanamh d'áiteanna fóirsteanacha laistigh den suíomh inar féidir breis plandáil agus forbairt a iompar amach le **tionchar an tí a ísliú.**

De bharr na harduithe costais teasa agus breosla, idir pearsanta agus comhshaoil, a tharla ar na mallaibh, agus atá tuartha don am atá le theacht, tá tuiscint níos mó ag an phobal faoin bhuntáiste atá le dearadh éifeachtach fuinnimh a bheith i bhfeidhm. Le beagán smaoinimh ag leagan amach an tsuímh i dtús báire, is féidir cuidiú le teach níos compordaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costais a thógáil, rud a chiallóidh go mbeidh sé níos saoire an teach a reáchtáil san am atá le theacht de réir mar a ardóidh luach an bhreosla.

Suíomh Simplí & Suirbhé Crainn



3 Chrann Beithe Fásta - le coinneáil

Páirceáil Príobháideach ar cúl

Claí aiteannaí - le fágáil

Áit Amhairc Ardaithe le céimeanna

Radharc

Mulláin & Carraig - le fágáil

Fál úr dúchasach le plandáil

Garrán úr de Chrainn Dhúchasacha le plandáil fá choinne foscadh ón ghaoth

Cabhsa úr isteach agus claí úr dúchasach taobh an bhealaigh

Cnuasán Crann Caorthainn fásta - le fágáil

Gnáthghaoth

7.2 Seirbhisí Suímh

Beidh láthair do thí ag brath ar an draenáil, láthair an dabhach séarachais/síothlú agus an achar talaimh a bheidh ag taisteal uathu. Laghdóidh sé cuid mhór ama ag tús do chuid oibre má bhaineann tú úsáid as duine cáilithe neamhspleách le measúnú suímh a iompar amach. Taispeánfaidh sé seo má tá an suíomh oiriúnach do dhraenáil agus fosta obair dhraenála ar bith atá le tabhairt faoi agus inseoidh sé duit an modh oiriúnach le húsáid.

Caithfidh an bealach isteach a fhad leis an suíomh cloí le coinníollacha Phlean Forbartha an Chontae agus Innealtóir na mBóithre sa cheantar. Caithfear déanamh cinnte go bhfuil radharc glan soiléir sa dá threo agus tú ag amharc ón bhealach isteach féin. Más féidir, déan an bealach isteach amach ó mhionbhealach in áit príomhbhealach.

Comhairle a chuartú agus cloígh leis na coinníollacha an dá dhóigh is fearr gan moill a bheith curtha le d'iarratas deiridh.





Tá soláthar uisce riachtanach agus is féidir é a fháil tríd príomhphíopa poiblí uisce nó Grúpscéim Uisce. Mura bhfuil uisce ar fáil sa cheantar, is féidir toibreacha príobáideacha, poill tóraíochta agus fiú modhanna uisce fearthainne a úsáid i gcásanna áirithe. Labhair le hInnealtóir na Seirbhísí Sláintiúla sa cheantair mura bhfuil tú cinnte.

Ba chóir duit déanamh cinnte go bhfuil soláthar de Chumhacht Leictreachais agus ceangal Teileachumarsáide ann, agus tá sé oiriúnach cáblaí ceangail a chur faoi thalaimh sa dóigh nach mbeidh cáblaí cumhachta ag amharc go gránna ag trasnú an tsuímh.

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar leagan amach ghlacadóirí, leithéidí aeróga teilifíse, agus mias satailíte laistigh den suíomh. Thiocfadh le deacracht a bheith ann na seirbhísí seo a fháil ar an suíomh. B'fhéidir go gcaithfeá aeróga leo féin nó struchtúir arda a úsáid. Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh droch chuma ar na struchtúir seo.

7.3 Treoshuíomh agus Suiteacht

Is é an treoshuíomh agus suiteacht an tí ar an suíomh féin a shocróidh do chaighdeán maireachtála pearsanta.
Déanfaidh leagan amach maith nasc leis na ceisteanna codarsnacha a bhaineann le treoshuíomh an tí ar an suíomh, is iad sin:

7.3.1 Comhtháthú & Foscadh

Is forbairtí le **Tionchar Íseál** is fearr le buntáiste a ghlacadh as gnéithe nádúrtha an tsuímh, macasamhail ardáin, loganna nó crainn fhásta. Ba chóir go mbeadh tionchar mór ag na gnéithe seo ort nuair atá tú ag suí do theach agus go n-aithneofá iad le linn an chéad suirbhé. Is féidir leo seo ansin a bheith mar pháirt de leagan amach líniochtaí d'iarratais. Sa chás go bhfuil sé riachtanach plandáil a bhaint amach, nó má tá ganntanas crann fásta ann, ba chóir cinn úra a chur ina n-áit le foscadh a chruthú. Le húsáid ceart a bhaint as an fhoscadh thart ar an suíomh, b'fhéidir go gcaithfeá an teach a chur ar threo eile ar an suíomh.

Mar atá luaite cheana féin, cailleann tithe ar shuímh oscailte cuid mhór teasa. Tá teach le foscadh níos furasta a théamh agus coinneoidh sé an teas sin níos faide ná teach ar aghaidh na síne agus beidh costais breosla níos ísle dá bharr.



7.3.2 Radhairc

Machnaigh ar phointí chaothiúla ag breathnú ón láthair foscaidh tofa. Bíodh sé mar aidhm agat radhairc a mhéadú sna ceantair maireachtála is mó a mbainfidh tu úsáid astu de bhrí go mbeidh tionchar aige seo ar do rogha dheiridh. Coinnigh cuimhne nach gciallaíonn sé seo go gcaithfidh tú an teach a bhogadh thart go hiomlán le radharc an tí a mhéadú, mar shampla, má chuireann tú pánái gloine ar bheanna taobh an bhealaigh mhóir, beidh radhairc níos éifeachtaí agat ach tá binn ard gan gloine níos príobháidí.

7.3.3 Príobháideacht

Go minic, tugtar neamhaird ar phríobháideacht nuair atá suíomh a leagan amach. Bíonn cuma fho-bhailteach ar fhuinneoga móra pictiúrtha nó ar ghnéithe gloinithe agus ar an tséala sin, níl siad fóirsteanach do cheantair tuaithe. Má bhaineann tú úsaid as a leithéid, b'fhéidir go mbeadh ort dallóga nó scáthláin a úsáid fá choinne príobháideachta, nó le laghdú a dhéanamh ar an méid solai gréine a théann isteach sa teach. Bíodh sé mar aidhm agat foscadh a thabhairt don teach ón bhealach mhór trí úsáid a bhaint as phlandáil úr nó buntáiste a ghlacadh as gnéithe talaimh atá ansin cheana féin. B'fhéidir gur mhaith leat an teach a thiontú thart an suíomh sa dóigh go bhfaighfeá buntáiste iomlán ón scáthlán nádúrtha nó r binn gan ghloine a chur ar aghaidh an bhealaigh mhóir.

7.3.4 Sochar ón Ghrian

Is ionann sochar gréine agus an fuinneamh is féidir a fháil de bharr buntáiste a ghlacadh ón fhoinse nádúrtha teasa agus solais – an ghrian. Méadaíonn áit suite sa deisceart sochar gréine i míonna an gheimhridhach ag an am céanna, laghdaíonn sé teas sa tsamhradh de bharr treo ard na gréine ag meán lae, an t-am is láidre a bhíonn an ghrian.

Mar riail ghinearálta, má déantar gloiniú ar bhinn tí ag amharc ó dheas, beidh níos mó fuinnimh gréine le fáil agus má choinnítear fuinneoga lena n-aghaidh ó thuaidh beag, caillfear níos lú teasa. Má bhíonn an pháirt den teach is mó a bhainfear úsaid as suite i dtreo a gheobhas an bhuntáiste is mó ón ghrian i rith an lae, lagdófar billí teas go mór.



Gheobhaidh tithe le plean cúng fuinneamh na gréine i rith an lae. Ach bíonn seomraí agus dorchlaí i dtithe le plean leathan nach bhfaighidh solas na gréine ag amanna égsúla den lá (Feach Roinn a 9, Dearadh Tí). Meastar go bhfuil sábháil de 30% d'úsáid fuinnimh ann má tá an teach suite taobh istigh de chúig chéim déag ón deisceart.



Plean Leathan- Píosa sa scáth



Plean Cúng- Grian i rith an lae

Tá níos mó sábháil ann má tá foscadh agus insliú maith ag teach. Bíonn cuid mhór caillíuint teasa i dtithe le droch fhoscadh agus insliú ar shuíomh nocht,agus fiú tithe atá suite go maith, is beag socair a bhainfidh siad as an ghrian mura bhfuil siad inslithe agus foscaithe go maith, siocair go n-éalaíonn teas ar bith a gnóthú nuair amháin a thiteann an teocht.

Is féidir thuilleadh úsáide a bhaint as fuinneamh gréine trí painéil grianda a chur isteach, féach Roinn a 11, Dearadh Timpeallacht Cigilteach.

Cuimhnigh

Níl sé oiriúnach achar gloine a mhéadú rómhór i nDún na nGall. Ligeann fuinneoga móra isteach barraíocht gréine sa tsamhradh, agus barraíocht teasa dá bharr, ach ar an taobh eile den scéal, caillltaer níos mó teasa sa gheimhreadh, san oíche agus le linn laetha fuara agus dorcha.

Níl cuid mhór gloine inghlactha go haeistéiciúil i gceantar tuaithe. Níl sé inghlactha go háirithe ar shuímh suntasacha nó ar aghaidh an bhóthair. Bíodh ardú dlúth agus feicealach le foscadh maith ag an ghloine ó ardáin talaimh nó crainn fhásta atá ansin cheana féin.

Cuidíonn crainn duillsilteacha cosc a chur ar an iomarca teasa sa tsamhradh ach ceadaíonn siad breis gnóthú gréine sa gheimhreadh nuair atá na crainn nocht.

7.3.5 Fánaí agus Imlínte

Ní thabhrann forbairtí úra aird ar bith go minic ar chruthanna nádúrtha talaimh, ag tabhairt amach agus ag líonadh isteach bunsraith le hardáin a dhéanamh agus áitribh a chur ina “suí” orthu. Tá seo géaraithe ag dearaí **Pleananna Domhain** (Féach Cuid a 9, Dearadh Tí). Mar gheall ar seo, tógtar teach le dearadh cothrom ar shuíomh le fána - **Forbairt le Tionchar Ard** mar thoradh. Fágann seo colm buan ar thírdhreacha tuaithe, agus iad le feiceáil thar achar fada. Cuireann seo isteach ar áilleacht an cheantair.

Líonadh Isteach
Faoin áiteabh



Tochailt Amach - Gearradh



Tithe den Chineál sin

- Tá **Tionchar Ard** acu
- Ní nascann siad go sásúil
- Feiceálach agus coimhthíoch i dtaobh tíre
- Cuma go bhfuil siad caite ar an suíomh in áit a bheith nasctha leis
- Cruthaíonn siad deacrachtaí don suíomh
- Cruthaíonn siad costasach de bharr breis oibre
- Is cúis iad le sleamhnúchán talaimh fadtréimhseach
- Cruthaíonn siad deacrachtaí le draenáil uisce agus fadhbanna eile a théann leo
- Cuireann siad droch chuma ar thaobh amuigh na dtithe
- Laghdaíonn siad éifeacht teasa/fuinnimh
- Cruthaíonn siad timpeallacht mhaireachtála bocht do na húinéirí

Is féidir ábhar a thagann as tochailt na dúshraithe srl. a úsáid le **Tionchar níos Ísle** a bheith ann idir ghairdíní tírdhreachta agus obair éagsúil laistigh den suíomh. Ba chóir créafóg a chur ar fánaí agus iad a phlandáil le féar, toim agus fraoch; laghdóigh sé seo an droch chuma. Déanfaidh na rútaí an chréafóg crua, ag cur cosc le sleamhnú talaimh, agus súann an talamh suas uisce le sruth.



Plean Cúng Furasta a thógáil ar fána



Céimeanna le cur leis an fána



Ag rith le fána



Leibhéal Scoilte

Níl sé riachtanach colm a chur ar an tírdhreach chun coinníollacha “suíomh cothrom” a chruthú ar fána atá ansin go nádúrtha. Trí athrú a dhéanamh ar dhearadh tí nó na hurláir a nascadh le fána, is féidir leanúint leis an teach úr gan mórchuid tógála nó tochailte.

Ba chóir duit suíomh difriúil a chuardach mura bhfuil dearadh an tí is fearr leat oiriúnach don suíomh atá tofa agat agus gan tú sásta athrach a dhéanamh ar an dearadh.

Is sprioc de chuid na Comhairle cur in aghaidh cleachtadh ar bith a thabhrann drochbhail ar an tírdhreach, atá buan agus nach féidir dul siar uirthi.

7.3.6 Spásanna Cónaithe agus Oibre

Déanfaidh tú cinnte nach gcuirfidh mórán isteach ar do chuid oibre níos moille má bhíonn gach rud curtha ina cheart nuair a leagann tú amach do phlean agus beidh timpeallacht maireachtála níos fearr ann. Seo a leanas na rudaí ar chóir pleanáil dóibh:

- **Tiontú agus páirceáil gluaisteán**
- **Stóráil Breosla**
- **Triomú Éadaí**
- **Obair, Áit Stórála agus Uirlisí**
- **Bruscar agus Athchúrsáil**
- **Caitheamh Ainsire**

- Ba chóir na rudaí thuasluaite a leagan amach go cúramach sa dóigh nach gcuirfidh siad isteach ar an teach níos moille.
- Ba chóir iad a bheith suite in áit nach bhfeictear go furasta; ar shuímh os coinne an bhóthair, beidh a leithéid sin ar chúl an tí.
- Níor chóir d'áit páirceála an ghluaisteáin a bheith ar aghaidh an tí agus ba chóir dóthain spáis a bheith ar fáil fá choinne tiontú.
- Ba chóir sconsa maith nó plandáil a bheith thart ar obair, áit stórála breosla agus áiseanna eile taobh amuigh den teach.
- Ba chóir de struchtúr teagmhasach ar bith eile, cosúil le garáistí, a bheith críochnaithe san ábhar céanna leis an teach agus níor chóir dóibh stop a chur le solas ar bith ag dul isteach sa teach.
- Ba ghnách le bóithigh traidisiúnta a bheith tógtha dronuilleach le binn an tí; cheadaigh sé seo foscadh agus bealach isteach agus ba chóír leanúint ar aghaidh leis an chleachtadh seo.
- Is féidir spáis taobh amuigh den teach a úsáid mar áiseanna imeartha do pháistí agus ba chóir iad a fhorbairt agus a chur in áit atá príobháideach agus sábháilte le sult a bhaint astu, agus bhéarfaidh plandáil foscadh breise do na háiseanna seo.

Méadaíonn garáistí srl. méid na n-áitribh; tá siad fo-bhailteach agus níl siad oiriúnach i láthair tuaithe. Cuireann an Chomhairle in aghaidh a leithéidí sin go láidir.

Roghnú & Leagan Amach Suímh

Liosta Seiceála Deiridh

Seirbhisí & Áiseanna Áitiúla	✓	Páirceáil & Tiontú	✓
Comhtháthú	✓	Stóráil Breosla	✓
Foscadh	✓	Triomú Éadach	✓
Grian	✓	Stóráil & Obair	✓
Bealach Isteach	✓	Caitheamh Aimsire	✓
Draenáil	✓	Sábháilteacht	✓
Uisce & Seirbhísí	✓	Príobháideacht	✓